Beartas teanga ar líne FRA

Mar ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh, tá sé mar aidhm againn go mbíonn ár gcuid oibre chomh inrochtana agus is féidir agus í ar fáil chomh forleathan agus is féidir.

Tá láithreán gréasáin an FRA ar fáil i **mBéarla**, agus an chuid is mó den ábhar atá ann ar fáil i **bhFraincis** agus i **nGearmáinis** freisin. Roghnaíodh na teangacha seo de thairbhe gurb iad trí theanga oibre oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus freisin ar bhonn suirbhé páirtithe leasmhara/úsáideoirí, a léirigh gur fearr le 92% d'úsáideoirí Béarla, 4% Fraincis agus 3% Gearmáinis.

Tá go leor codanna den láithreán gréasáin ar fáil i dteangacha oifigiúla breise an AE. Mar sin féin, tá roinnt codanna ar fáil i ngach ceann de 24 teanga oifigiúla an AE. Áirítear leo siúd, go háirithe, tús eolais ar FRA agus ar a chuid oibre (ar fáil freisin in PDF mar bhileog eolais), agus an Charterpedia, ina bhfuil faisnéis chuimsitheach ar Chairt um Chearta Bunúsacha an AE

Tagann preaseisiúint le gach foilseachán FRA de ghnáth, rud a aistrítear i dteangacha oifigiúla breise an AE.

Tá scagaire teanga ar fáil freisin ar an bpríomhleathanach foilseachán chun cabhrú le húsáideoirí aistrithe na bhfoilseachán FRA a aimsiú go tapa.

Soláthraíonn an tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh, atá lonnaithe i Lucsamburg agus a sholáthraíonn aistrithe do ghmíomhaireachtaí an AE, na haistrithe don FRA.

Is iad teangacha oifigiúla an AE Bulgáiris, Cróitis, Seicis, Danmhairgis, Ollainnis, Béarla, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gearmáinis, Gréigis, Ungáiris, Gaeilge, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Polainnis, Poirtaingéilis, Rómáinis, Slóvaicis, Slóivéinis, Spáinnis agus Sualainnis.